

**Léann na Cumarsáide**

Is é aidhm an chláir seo ná cumasc tomhaiste d'ábhair phraiticiúla agus acadúla sna meáin chumarsáide agus sa Ghaeilge a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na mac léinn, ar chríochnú an chláir go sásúil dóibh, feidhmiú mar 'chleachtóirí machnamhacha' sna meáin chumarsáide; tabhairtfaoi chúrsa iarchéime acadúil cuí; agus ról gníomhach a bhaint amach mar chainteoirí Gaeilge i réimse leathan gairmeacha.

Fostaítear céimithe an chláir i ngairmeacha a bhfuil luach agus stádas ar leith ag baint leo, agus iad ag plé le gnéithe éagsúla de na meáin os comhair agus taobh thiar den cheamara, idir an iriseoireacht, an chraoltóireacht, an cheamaradóireacht, an léiriú teilifíse agus raidió, agus na meáinnua. Ar na fostóirí sin tá RTÉ (san áireamh anseo tá Raidió na Gaeltachta), TG4, BBC, stáisiúin raidió áitiúla, comhlachtaí léiriúcháin teilifíse, ardáin ilmheáin agus comhlachtaí caidrimh phoiblí.

Ábhar roghnach ar an gCéim BA (GY101) is ea Léann na Cumarsáide, a bhíonn á theagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus a mhaireann ar feadh trí bliana. Cabhróidh an chéim seo leat forbairt a dhéanamh mar dhuine atá in ann machnamh go criticiúil agus grinnanailís a dhéanamh ar réimse leathan ábhar. Ina theannta sin, má roghnaíonn tú Léann na Cumarsáide, bainfidh tú sult agus taitneamh as an meascán tomhaiste den staidéar acadúil agus den oiliúint phraiticiúil a gheobhaidh tú san iriseoireacht, sa léiriú teilifíse agus raidió, sa chraoltóireacht agus sna hilmheáin.



**Dhá Rogha Foghlama**

Más spéis leat céim sna meáin a bhaint trí Ghaeilge tá dhá rogha agat: staidéar a dhéanamh ar Léann na Cumarsáide mar ábhar roghnach sa BA (GY101) in imeacht trí bliana, nó an BA (Cumarsáid & Gaeilge) a bhaint amach in imeacht ceithre bliana, le seimeastar Gaeltachta agus taithí oibre sa tríú bliain. Ag brath ar do chuid torthaí sa Chéad Bhliain, beidh deis agat aistriú sa dara bliain go dtí an chéim ainmnithe BA (Cumarsáid & Gaeilge), más maith leat. An buntáiste a bhaineann leis an gcur chuige solúbtha seo ná nach gá duit d'intinn a shocrú ar fad go dtí go mbeidh an Chéad Bhliain curtha i gcrích agat. Má roghnaíonn tú Léann na Cumarsáide mar ábhar, beidh teacht agat ar chuimse ábhar eile. Ina measc siúd tá Gaeilge, Béarla, Fraincis, Stair, Léann an Aistriúcháin, Iodáilis, Spáinnis, Teicneolaíocht na Faisnéise, Síceolaíocht agus Léann na Socheolaíochta agus na Polaitíochta. Roghnaíonn tú trí ábhar sa Chéad Bhliain agus leanann tú ar aghaidh le dhá ábhar onóracha don chéim.



**Léann na Cumarsáide Leagan Amach**
**Bliain a hAon**

Scéalaíocht Dhigiteach

Machnamh Criticiúil agus Láithreoireacht

Bunús na hIriseoireachta
Na Meáin agus an tSochaí

**Bliain a Dó**

Dearadh Físe

Teicneolaíochtaí na Meán
Anailís na Meán
Craoltóireacht

Dlí, Eiticí agus an CórasPoiblí

An Gné-Alt

**Bliain a Trí**

Lucht Féachana na Meán

Dúshláin na Meán Sóisialta

Scriptscríobh

Iriseoireacht Fheidhmeach

Geilleagar na Meán

Tionscadal Deiridh Céime



**Sa chéad bhliain beidh na modúil seo a leanas ar siúl;**

CG1100–Scéalaíocht Dhigiteach

**Seimeastar 1&2**

**Príomhchuspóir**
Díreoidh an modúl seo ar mhodhanna inste, físe agus fuaime, do na meáin dhigiteacha. Déanfar staidéar ar ghnéithe den scriptscríbhneoireacht, ar thaifead na físe, thaifead na fuaime, eagarthóireacht agus seachadadh ábhar.

**Aidhmeanna an Mhodúil**
Forbrófar scileanna anailíse agus an fhéin-chritic ar shaothar ealaíne. Tabharfaidh an mac léinn faoi togra praiticbhunaithe mar chuid den mhodúl seo agus foilseofar é ar ardán digiteach.

**Torthaí Foghlama**
Ar chríoch an mhodúil seo beidh an mac léinn in ann:

1. Scéalta físe agus fuaime atá i bhfeiliúint do na meáin dhigiteacha a dhearadh agus a phleanáil.
2. Modhanna inste físe agus fuaime a chíoradh, a mheas agus a thuairisciú.
3. Ionramháil a dhéanamh ar uirlisí léirithe agus iarléirithe.
4. Foghlaim phraiticbhunaithe a chleachtadh.
5. Léargas a thabhairt ar an bpróiseas léirithe, ón gcoincheap go seachadadh ábhair.

CG1101–Machnamh Criticiúil & Láithreoireacht

**Seimeastar 1&2**

**Príomhchuspóir**
Anailís oibiachtúil a chur i bhfeidhm ar fhiricí chun teacht ar bhreithiúnas. Pléifidh an modúl seo leis na bealaí inar féidir tuiscintí níos doimhne a fháil ar an saol inár dtimpeall. Díreofar ar mhodhanna smaointeoireachta, machnaimh agus réasúnaíochta. Díreofear ar stíleanna láithreoireachta agus diospóireachta.

**Aidhmeanna an Mhodúil**
Machnamh nó smaointeoireacht níos doimhne agus níos criticiúla a dhéanamh. Féinmheas agus féinmhuinín an mhic léinn a mhuscailt agus/nó a thabhairt chun cinn. Smaointe a mheas faoi chritéir áirithe. An mac léinn a chumasú chun eolas agus ábhar a chur i láthair an phobail.

**Torthaí Foghlama**
Ar chríoch an mhodúil seo beidh an mac léinn in ann:

1. Bailíocht agus caighdeán smaointe a mheas.
2. Tuiscint níos doimhne a fháil ar choincheapa, smaointe agus eolas.
3. Foghlaim trí mhachnamh criticiúil a chleachtadh.
4. Áitiú agus cur i láthair smaointe, ionramháil a dhéanamh ar argóintí agus diospóireachtaí.
5. Léargas poiblí a thabhairt ar eolas, scéalta agus faisnéis.

**CG1105–Bunús na hIriseoireachta**

**Seimeastar 1**

**Príomhchuspóir**
Tabharfar léargas don mhac léinn sa mhodúl seo ar an agallóireacht, an tuairisceoireacht agus an eagarthóireacht, scileanna atá mar bhunchloch i saol na craoltóireachta agus na hhiriseoireachta. Beidh

deis ag an mac léinn scileanna bunúsacha tuairisceoireachta a shealbhú agus a úsáid. Cuirfear béim ar bhunfhoinsí scéalta, agus an tábhacht a bhaineann le cruinneas agus fíricí a dheimhniú agus a sheiceáil. Clúdófar bunphriosabail na hiriseoireachta ar nós claontacht, cothromaíocht agus oibiachtúlacht. Leagfar béim freisin ar struchtúr na tuairisce nuachta raidió. Beidh scileanna agallóireachta/anailíse & eagarthóireachta agus na cinntí a dhéanann iriseoirí ó lá go lá mar chuid lárnach den mhodúil seo. Beidh deis ag an mac léinn tuairisc nuachta raidió a chur le chéile.

**Aidhmeanna an Mhodúil**

Clúdófar bunphriosabail na hiriseoireachta ar nós claontacht, cothromaíocht agus oibiachtúlacht. Leagfar béim freisin ar struchtúr na tuairisce nuachta raidió. Beidh scileanna agallóireachta/anailíse & eagarthóireachta agus na cinntí a dhéanann iriseoirí ó lá go lá mar chuid lárnach den mhodúil seo. Beidh deis ag an mac léinn tuairisc nuachta raidió a chur le chéile.

**Torthaí Foghlama**

Ar chríoch an mhodúil seo beidh an mac léinn in ann:

1. Foinsí nuachta a aithint & scéal a fhiosrú
2. Scéal a scríobh agus a chur i bhfeiliúint do na meáin
3. Tuairisc nuachta raidió a chur le chéile
4. Agallaimh láidre a dhéanamh
5. Anailís & scagadh a dhéanamh ar scéalta éagsúla nuachta

**Seimeastar 2**

CG1104–Na meáin agus an tSochaí

**Príomhchuspóir**
Breathnóidh an modúl seo ar an gcaidreamh idir na meáin chumarsáide agus an tsochaí le béim ar na bealaí difriúla a pléadh agus a tuigeadh ról, struchtúir agus cumhacht na meán.

**Aidhmeanna an Mhodúil**
Is é aidhm an mhodúil seo ná léargas a thabhairt ar phríomhthuiscintí teoiriciúla i leith an chaidrimh idir na meáin chumarsáide agus an tsochaí. Forbrófar scileanna smaointeoireachta criticiúla ina leith tríd cíoradh a dhéanamh ar ról na meán agus a struchtúir maraon le taighde feidhmeach sa réimse.

**Torthaí Foghlama**
Ar chríoch an mhodúil seo beidh an mac léinn in ann:

1. Díospóireachtaí maidir le ról agus cumhacht na meán sa tsochaí a phlé.
2. Dea-chleachtas acadúil sa réimse léinn a thaispeáint.
3. Tabhairt faoi thaighde feidhmeach i léann na meán agus na torthaí a chur in iúl.



https://tuairisc.ie/duais-iriseoireachta-buaite-ag-realta-og-rugbai-na-ceathrun-rua-agus-a-chairde/